Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13315/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0330(NLE)**

**PECHE 373**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 544 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/170/AE,<br>lena mbunaítear liosta tríú tíortha neamh-chomhoibríocha<br>sa chomhrac in aghaidh iascaireacht neamhdhleathach,<br>neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, a mhéid a bhaineann<br>le hOileán na Tríonóide agus Tobága |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 544 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 544 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.9.2023
COM(2023) 544 final

2023/0330 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/170/AE, lena mbunaítear liosta tríú tíortha neamh-chomhoibríocha sa chomhrac in aghaidh iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, a mhéid a bhaineann le hOileán na Tríonóide agus Tobága

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Foras agus cuspóirí an togra

Baineann an togra seo le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (iascaireacht NNN) a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999[1] (an Rialachán maidir le hIascaireacht NNN).

### • Comhthéacs ginearálta

Déantar an togra seo i gcomhthéacs chur chun feidhme an Rialacháin maidir le hIascaireacht NNN agus is toradh é ar na nósanna imeachta anailíse agus idirphlé a rinneadh i gcomhréir leis na ceanglais shubstainteacha agus nós imeachta a leagtar amach sa Rialachán maidir le hIascaireacht NNN lena bhforáiltear *inter alia* gur cheart do gach tír na dualgais atá uirthi faoin dlí idirnáisiúnta mar Stát brataí, Stát calafoirt, Stát cósta nó Stát margaidh a chomhlíonadh chun iascaireacht NNN a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú.

### Forálacha atá ann cheana i réimse an togra

Cinneadh ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2016 (IO C 144, 23.4.2016, lch. 14) maidir le fógra a thabhairt d'Oileán na Tríonóide agus Tobága go bhféadfaí é a shainaithint mar thríú tír neamh-chomhoibríoch sa chomhrac in aghaidh iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 25 Mean Fómhair 2023 [C(2023)6303] (OJ C XXXX, XX.XX.2023, lch …) lena sainaithnítear Oileán na Tríonóide agus Tobága mar thríú tír neamh-chomhoibríoch sa chomhrac in aghaidh iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte.

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Neamhbhainteach.

## 2. TORTHAÍ AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

### Comhairliúchán le páirtithe leasmhara

Bhí an deis ag páirtithe leasmhara a mbaineann an t-imeacht leo a leasanna a chosaint le linn na nósanna imeachta anailíse agus idirphlé, i gcomhréir le forálacha an Rialacháin maidir le hIascaireacht NNN.

### Bailiú agus úsáid saineolais

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

[1] IO C 59, 19.2.2021, lch. 1.

### Measúnú tionchair

Is toradh é an togra seo ar chur chun feidhme an Rialacháin maidir le hIascaireacht NNN.

Níl forálacha sa Rialachán maidir le hIascaireacht NNN maidir le measúnú tionchair ginearálta ach tá liosta uileghabhálach coinníollacha ann ar gá measúnú a dhéanamh orthu.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

### Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe

An 21 Aibreán 2016 thug an Coimisiún **fógra** d'Oileán na Tríonóide agus Tobága, le Cinneadh ón gCoimisiún, **go measann sé go bhféadfaí Oileán na Tríonóide agus Tobága a shainaithint** mar thír neamh-chomhoibríoch de bhun an Rialacháin maidir le hIascaireacht NNN.

Chuir an Coimisiún tús le *démarches* i leith Oileán na Tríonóide agus Tobága. Is éard a bhí sna *démarches* sin *inter alia* gníomhaíochtaí lena soláthraítear cúiseanna lena ghníomhaíochtaí, an deis don tír freagairt agus an maíomh a bhréagnú, an ceart faisnéis bhreise a iarraidh agus a chur ar fáil, plean gníomhaíochtaí a bheartaítear chun an cás a leigheas chomh maith le dóthain ama chun freagra a thabhairt agus am réasúnta chun an cás a leigheas.

An 25 Meán Fómhair 2023, le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún, **shainaithin** an Coimisiún Oileán na Tríonóide agus Tobága mar thríú tír a measann an Coimisiún gur **tríú tír neamh-chomhoibríoch** é de bhun an Rialacháin maidir le hIascaireacht NNN.

Tá an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle atá i gceangal leis seo bunaithe ar na torthaí a dheimhnigh nár chomhlíon Oileán na Tríonóide agus Tobága na dualgais atá air faoin dlí idirnáisiúnta mar Stát brataí, Stát calafoirt, Stát cósta nó Stát margaidh.

Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, go nglacfaidh an Chomhairle an togra le haghaidh Cinnidh atá i gceangal leis seo.

### Bunús dlí

Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht NNN a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú.

### Prionsabal na coimhdeachta

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

### Prionsabal na comhréireachta

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas:

Tugtar tuairisc ar an gcineál gníomhaíochta sa Rialachán maidir le hIascaireacht NNN agus níl aon scóip ann le haghaidh cinneadh náisiúnta.

Maidir le léiriú ar an mbealach a n-íoslaghdaítear an t-ualach airgeadais agus riaracháin atá ar an Aontas, ar rialtais náisiúnta, ar údaráis réigiúnacha agus áitiúla, ar oibreoirí eacnamaíocha

agus ar shaoránaigh agus ar an mbealach a bhfuil sé ar comhréir le cuspóir an togra, níl an léiriú sin infheidhme.

**An rogha ionstraimí**

Na hionstraimí atá beartaithe: cinneadh.

Ní bheadh modhanna eile leordhóthanach ar an gcúis seo a leanas:

Ní bheadh modhanna eile leordhóthanach toisc nach ndéantar foráil sa Rialachán maidir le hIascaireacht NNN maidir le roghanna malartacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

2023/0330 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/170/AE, lena mbunaítear liosta tríú tíortha neamh-chomhoibríocha sa chomhrac in aghaidh iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, a mhéid a bhaineann le hOileán na Tríonóide agus Tobága**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999[2], agus go háirithe Airteagal 33 de,

Ag féachaint don togra a chuir an Coimisiún Eorpach isteach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. TABHAIRT ISTEACH AGUS NÓS IMEACHTA

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ('an Rialachán maidir le hIascaireacht NNN') bunaítear córas de chuid an Aontais chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (INNN) a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú.

(2) Le Caibidil VI den Rialachán maidir le hIascaireacht NNN leagtar síos an nós imeachta um thríú tíortha neamh-chomhoibríocha a shainaithint, um *démarches* i leith na dtíortha sin, um liosta de na tíortha sin a bhunú, um thíortha a bhaint den liosta sin, um an liosta sin a fhoilsiú agus um aon bheart éigeandála.

(3) An 24 Márta 2014 ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/170/AE[3] lena mbunaítear liosta tríú tíortha neamh-chomhoibríocha sa chomhrac in aghaidh iascaireacht NNN de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú.

---

2 IO L 286, 29.10.2008, lch. 1.

3 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 24 Márta 2014 lena mbunaítear liosta tríú tíortha neamh-chomhoibríocha sa chomhrac in aghaidh iascaireacht NNN de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú (IO L 91, 27.3.2014, lch. 43).

(4) I gcomhréir le hAirteagal 32 den Rialachán maidir le hIascaireacht NNN, le Cinneadh an 21 Aibreán 2016 (‘Cinneadh an 21 Aibreán 2016’)[4] thug an Coimisiún fógra do Phoblacht Oileán na Tríonóide agus Tobága (‘Oileán na Tríonóide agus Tobága’) go bhféadfaí í a shainaithint mar thír a measann an Coimisiún gur tríú tír neamh-chomhoibríoch í.

(5) I gCinneadh ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2016, tá faisnéis faoi na fíricí agus na breithnithe fíor-riachtanacha is bonn leis an tsainaithint fhéideartha sin.

(6) Cuireadh an Cinneadh sin in iúl d’Oileán na Tríonóide agus Tobága le fógra mar aon le litir ina n-iarrtar ar Oileán na Tríonóide agus Tobága plean gníomhaíochta a chur chun feidhme, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, chun na heasnaimh a sainaithníodh a cheartú.

(7) De bhíthin Chinneadh an 21 Aibreán 2016 ón gCoimisiún, chuir an Coimisiún tús le próiseas idirphlé le hOileán na Tríonóide agus Tobága.

(8) Go háirithe, d’iarr an Coimisiún ar Oileán na Tríonóide agus Tobága gach beart is gá a dhéanamh chun na gníomhaíochtaí atá sa phlean gníomhaíochta a mhol an Coimisiún a chur chun feidhme agus chun measúnú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme.

(9) Tugadh an deis d’Oileán na Tríonóide agus Tobága freagairt do Chinneadh an 21 Aibreán 2016 agus d’fhaisnéis ábhartha eile a chuir an Coimisiún in iúl, agus fianaise a chur isteach lena mbréagnaítear nó lena gcomhlánaítear na fíricí a luaitear sa Chinneadh sin. Deimhníodh d’Oileán na Tríonóide agus Tobága go raibh sé de cheart aige faisnéis bhreise a iarraidh, nó a chur ar fáil.

(10) Lean an Coimisiún den fhaisnéis ábhartha uile a lorg agus a fhíorú. Breithníodh na barúlacha ó bhéal agus i scríbhinn a chuir Oileán na Tríonóide agus Tobága isteach tar éis Chinneadh an 21 Aibreán 2016 agus cuireadh san áireamh iad. Tionóladh cruinnithe fisiceacha chomh maith le cruinnithe fíorúla idir Oileán na Tríonóide agus Tobága agus an Coimisiún chun pointí ábhartha a phlé. Coimeádadh Oileán na Tríonóide agus Tobága ar an eolas, ó bhéal nó i scríbhinn, faoi bhreithnithe an Choimisiúin.

(11) Ar bhonn na faisnéise a bailíodh, bhunaigh an Coimisiún nár thug Oileán na Tríonóide agus Tobága aghaidh go leordhóthanach ar na réimsí imní ná ar na heasnaimh a leagtar amach i gCinneadh an 21 Aibreán 2016. Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár cuireadh na bearta a moladh sa phlean gníomhaíochta chun feidhme ina n-iomláine.

(12) De thoradh air sin, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme 2023/xx/AE[5], lena sainaithnítear Oileán na Tríonóide agus Tobága mar thríú tír neamh-chomhoibríoch sa chomhrac in aghaidh iascaireacht NNN (‘Cinneadh Cur Chun Feidhme an 25 Meán Fómhair 2025’).

(13) Ar bhonn an phróisis imscrúdaithe agus idirphlé a rinne an Coimisiún, lena n-áirítear an comhfhreagras a malartaíodh agus na cruinnithe a tionóladh, agus ar bhonn na gcúiseanna le Cinneadh an 21 Aibreán 2016 agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme an

[4] Cinneadh ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2016 maidir le fógra a thabhairt do thríú tír go bhféadfaí í a shainaithint mar thríú tír neamh-chomhoibríoch sa chomhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (IO C 144, 23.4.2016, lch. 14).

[5] Cinneadh Cur Chun Feidhme 2023/xxx/AE ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2023 lena sainaithnítear Oileán na Tríonóide agus Tobága mar thríú tír neamh-chomhoibríoch sa chomhrac in aghaidh iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (IO L xx, ll.mm.20bb, lch. x).

25 Meán Fómhair 2023, is iomchuí Oileán na Tríonóide agus Tobága a chur ar liosta na dtríú tíortha neamh-chomhoibríocha sa chomhrac in aghaidh iascaireacht NNN.

## 2. OILEÁN NA TRÍONÓIDE AGUS TOBÁGA A SHAINAITHINT MAR THRÍÚ TÍR NEAMH-CHOMHOIBRÍOCH

(14) I gCinneadh an 21 Aibreán 2016, rinne an Coimisiún anailís ar dhualgais Oileán na Tríonóide agus Tobága agus rinne sé meastóireacht ar a chomhlíontacht lena oibleagáidí idirnáisiúnta mar Stát brataí, Stát calafoirt, Stát cósta nó Stát margaidh. Chun críoch an athbhreithnithe sin, chuir an Coimisiún san áireamh na critéir a liostaítear in Airteagal 31(4) go (7) den Rialachán maidir le hIascaireacht NNN.

(15) D'athbhreithnigh an Coimisiún comhlíontacht Oileán na Tríonóide agus Tobága i gcomhréir le torthaí Chinneadh an 21 Aibreán 2016 agus, maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a sholáthair Oileán na Tríonóide agus Tobága ina leith, d'athbhreithnigh sé an plean gníomhaíochta a moladh, agus na bearta a rinneadh chun an cás a cheartú.

(16) Bhain na príomheasnaimh a shainaithin an Coimisiún le roinnt teipeanna oibleagáidí an dlí idirnáisiúnta a chur chun feidhme, a bhí nasctha go háirithe le creat dlíthiúil leordhóthanach agus cothrom le dáta a ghlacadh, le heaspa faireacháin éifeachtúil agus leordhóthanach ar shoithí iascaireachta a bhfuil bratach Oileán na Tríonóide agus Tobága ar foluain acu agus le heaspa iniúchtaí iascaigh ag an gcalafort. Ar bhonn níos ginearálta, baineann na heasnaimh a sainaithníodh le heaspa comhlíontachta leis na hoibleagáidí atá i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS)[6], i gComhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Stoic Éisc[7] agus sa Chomhaontú maidir le Bearta Stát an Chalafoirt chun iascaireacht NNN a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú[8].

(17) Dá bhrí sin, i gCinneadh Cur Chun Feidhme an 25 Meán Fómhair 2023, shainaithin an Coimisiún Oileán na Tríonóide agus Tobága mar thríú tír neamh-chomhoibríoch de bhun an Rialacháin maidir le hIascaireacht NNN.

(18) Níor aimsíodh aon fhianaise a thabharfadh le fios gur de thoradh srianta forbartha a mhainnigh Oileán na Tríonóide agus Tobága ina dhualgais faoin dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

(19) Ag féachaint do Chinneadh an 21 Aibreán 2016 agus Cinneadh Cur Chun Feidhme an 25 Meán fómhair 2023, agus don phróiseas idirphlé le hOileán na Tríonóide agus Tobága a tionóladh leis an gCoimisiún agus an toradh a bhí air, cinntear nach leor na gníomhaíochtaí a rinne Oileán na Tríonóide agus Tobága i bhfianaise a dhualgais mar Stát brataí chun Airteagail 94, 117, 118 agus 119 de UNCLOS, Airteagail 18, 19 agus 23 de Chomhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Stoic Éisc agus Airteagail 6, 7, 8, 9 agus 12 den Chomhaontú maidir le Bearta Stát an Chalafoirt a chomhlíonadh.

(20) Dá bhrí sin, níor chomhlíon Oileán na Tríonóide agus Tobága a dhualgais faoin dlí idirnáisiúnta mar Stát brataí gníomhú chun iascaireacht NNN a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú.

## 3. LIOSTA TRÍÚ TÍORTHA NEAMH-CHOMHOIBRÍOCHA A BHUNÚ

(21) I bhfianaise na gconclúidí ar thángthas orthu maidir le hOileán na Tríonóide agus Tobága, i gcomhréir le hAirteagal 33 den Rialachán maidir le hIascaireacht NNN ba cheart an tír sin a chur le liosta na dtríú tíortha neamh-chomhoibríocha a bunaíodh le

[6] IO L 179, 23.6.1998, lch. 3.
[7] IO L 189, 3.7.1998, lch. 17.
[8] IO L 191, 22.7.2011, lch. 1.

Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/170/AE ón gComhairle. Ba cheart, dá bhrí sin, an Cinneadh sin a leasú dá réir.

(22) Is éard a bheidh i gceist le hOileán na Tríonóide agus Tobága a chur ar an liosta de thíortha neamh-chomhoibríocha sa chomhrac in aghaidh iascaireacht NNN na bearta a leagtar síos in Airteagal 38 den Rialachán maidir le hIascaireacht NNN a chur i bhfeidhm. Déantar foráil in Airteagal 38(1) den Rialachán maidir le hIascaireacht NNN maidir le toirmeasc a chur ar allmhairiú táirgí iascaigh arna ngabháil ag soithí a bhfuil bratach tíortha neamh-chomhoibríocha ar foluain acu. I gcás Oileán na Tríonóide agus Tobága, ba cheart gach stoc agus speiceas a shainmhínítear in Airteagal 2(8) den Rialachán maidir le hIascaireacht NNN a chumhdach leis an toirmeasc sin ós rud é nach bhfuil an easpa beart iomchuí arna nglacadh i ndáil le hiascaireacht NNN as ar eascair sainaithint Oileán na Tríonóide agus Tobága mar thríú tír neamh-chomhoibríoch teoranta do stoc nó speiceas ar leith.

(23) Tugtar faoi deara go ndéanann iascaireacht NNN, *inter alia*, stoic éisc a ídiú, gnáthóga muirí a scriosadh, an bonn a bhaint de chaomhnú agus d'úsáid inbhuanaithe acmhainní muirí, iomaíocht a chur as a riocht, slándáil bia a chur i mbaol, iascairí comhlíontacha a chur faoi mhíbhuntáiste éagórach agus pobail chósta a lagú. I bhfianaise mhéid na bhfadhbanna a bhaineann le hiascaireacht NNN, meastar gur gá don Aontas na gníomhaíochtaí i ndáil le hOileán na Tríonóide agus Tobága mar thír neamh-chomhoibríoch a chur chun feidhme go gasta. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(24) Má léiríonn Oileán na Tríonóide agus Tobága gur ceartaíodh an cás ba chúis lena liostú, tá an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, le hOileán na Tríonóide agus Tobága a bhaint de liosta na dtríú tíortha neamh-chomhoibríocha i gcomhréir le hAirteagal 34(1) den Rialachán maidir le hIascaireacht NNN. Agus aon chinneadh den sórt sin á dhéanamh maidir le hOileán na Tríonóide agus Tobága a bhaint den liosta, ba cheart a chur san áireamh cé acu atá nó nach bhfuil bearta nithiúla déanta aige a d'fhéadfadh feabhas marthanach a chur ar an gcás,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirfear Oileán na Tríonóide agus Tobága isteach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/170/AE.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*